

An Timpeallacht Gheilleagrach

Deimhníonn na sonraí eacnamaíocha gur lean an cor chun feabhais ar ghníomhaíocht eacnamaíoch na hÉireann le bliain anuas agus meastar gur tháinig méadú díreach faoi bhun 7 faoin gcéad ar OTI in 2015. Le feidhmíocht láidir an fháis, léirítear téarnamh a bhfuil bonn leathan faoi agus atá á spreagadh go mórmhór ag aispheabadh suntasach ar an éileamh intíre. Cé gur casta léirmhíniú a bhaint as na sonraí agus cé go leagtar róbhéim ar neart an éilimh intíre de thoradh athruithe modheolaíochta ar na Cuntais Náisiúnta agus athruithe áirithe ar ghníomhaíochtaí gnólachtaí ilnáisiúnta, deimhnítear leis an bhfeabhas ar thomhaltas agus le neart leanúnach an fháis ar fhostaíocht go bhfuil dlúth-théarnamh ar an taobh intíre den gheilleagar dea-bhunaithe.

Chonacthas méadú fírláidir ar OTI ainmniúil anuraidh arbh ionann é agus thart ar 12.5 faoin gcéad. Le neart an mhéadaithe ar OTI ainmniúil, cuireadh go mór leis na lagduithe réamh-mheasta ar an easnamh físcach agus ar na cóimheasa fiachais in 2015. Cé go bhfreagraíonn an méadú láidir ar OTI ainmniúil, go páirteach, don mhéadú láidir ar fhíor-OTI, bhí sé faoi thionchar ag an méadú láidir ar dhíbhóilseoir OTI arna mheas mar 5.6 faoin gcéad. Léiríonn an ceann deireanach sin iarmhairt dálaí eachtracha, go háirithe gluaiseachtaí i rátaí malairte agus i bpraghsanna ola anuraidh¹.

Bhí tionchar cobhsaíochta na gcoigeartuithe beartais agus maicreacnamaíocha a glacadh de láimh, mar aon le teacht chun cinn tosa fabhracha lena dtacaítear le fás, mar bhonn taca faoi fheidhmíocht láidir an fháis. Le teacht chun cinn méaduithe ar thuarastail agus neartú na cumhachta ceannaigh de thoradh praghsanna fuinnimh níos ísle, treisítear an spreagadh d'ioncam a thig as téarnamh ina bhfuil fostaíocht láidir le feiceáil². Thairbhí an fás de thimpeallacht beartais níos neamhurchóidí freisin, rud a léirítear leis an moilliú ar luas an chomhdhlúthaithe fhioscaigh agus leis na dálaí leanúnacha fabhracha airgeadais, fad a cuireadh tacaíocht bhreise ar fáil leis an bhfeabhas leanúnach ar chlár chomhardaithe teaghlach agus gnólachtaí agus le dálaí leanúnacha fabhracha i bpríomh-mhargáí onnmhairíochta na hÉireann. Ba

é ailíniú dearfach na dtosca sin go léir, ar chuidigh a bhformhór díobh le treisiú an éilimh intíre, ba chionsiocair le neartú an fháis agus, cé is moite den éiginnteacht a bhaineann le teacht chun cinn teannas i margaí airgeadais domhanda, tacaíonn sé ar bhonn leathan le hionchas fabhrach leanúnach.

Ar an taobh intíre den gheilleagar, ba é an méadú láidir ar fhostaíocht, go háirithe ar fhostaíocht lánaimseartha, an fhianaise ba shoiléire ar an bhfeabhas. Le dhá bhliain anuas, cruthaíodh thart ar 45,000 post ar an meán in aghaidh na bliana sa gheilleagar, is ionann é sin agus fás 2.5 faoin gcéad ar fhostaíocht in aghaidh na bliana. I dteannta leis an bhfás athuir ar thuarastal agus i bhfianaise an bhoilscithe fhíor-ísil, chuidigh sé seo le fíorioncam agus le muinín tomhaltóirí a threisiú. I dteannta lena chéile, spreag na tosca sin feabhas láidir ar chaiteachas tomhaltóirí agus, an bhliain seo caite, tháinig méadú ar an gcaiteachas sin de réir an ráta is tapúla atá feicthe ó 2007 i leith. Ag féachaint romhainn, meastar go dtacóidh an t-ionchas fabhrach leanúnach do mhargadh an tsaothair, fíorioncam indiúscartha atá ag méadú agus feabhas ar mhúinín tomhaltóirí, leis an ionchas do chaiteachas tomhaltóirí. Ar a shon sin, de réir mar a mhaolóidh an t-éileamh folaigh lenar tugadh borradh do chaiteachas tomhaltóirí in 2015 agus de réir mar a mhoilleoidh an fás ar fhostaíocht beagán, meastar go dtiocfaidh

¹ Tá tuilleadh plé i mBosca C ar leathanach 21 ar na forbairtí ar OTI ainmniúil agus ar dhíbhóilseoir OTI.

² Tá plé níos leithne ar an ábhar seo i mBosca A ar leathanach 11.

maolú de réir a chéile ar thomhaltas i mbliana agus an bhliain seo chugainn.

Cé go raibh an fás ar chaiteachas infheistíochta foriomlán fíorláidir in 2015, tá leibhéal foriomlán na hinfeistíochta á shaobhadh ag iarmhairt na hinfeistíochta in aerárthaí agus iarmhairt aistriú paitinní chuig eintitis Éireannacha ag comparáidí ilnáisiúnta. Ar a shon sin, tá an bhuninfheistíocht i mbun fáis i gcónaí, glan ar aerárthaí agus ar shócmhainní doláimhsithe. Ag féachaint romhainn, tugtar le fios leis an ionchas foriomlán eacnamaíoch, atá fabhrach tríd is tríd, i dteannta leis an téarnamh atá ag teacht go fóill ar bhuninfheistíocht, gur dócha nach dtiocfaidh ach maolú beag ar luas an leathnaithe ar bhuninfheistíocht thar thréimhse na réamhaisnéise.

Ar an taobh eachtrach, leanann sreafaí trádála agus ioncaim de réir tosa de bheith go mór faoi thionchar ag iarmhairt an athstruchtúraithe chorparáidigh ar chodanna den earnáil ilnáisiúnta. Dá thairbhe sin, tá an fás ar onnmhairí agus ar allmhairí araon níos láidre ná mar a tuaradh roimhe seo. Is díol suntais é, áfach, go bhfuil feidhmíocht láidir le feiceáil freisin i gcás onnmhairí ó earnálacha dúchasacha amhail gnó agraibhia agus turasóireacht, a bhfuil dálaí fabhracha éilimh mar aon le forbairtí rátaí malairte ag tacú leo. Ag féachaint romhainn, meastar go mbeidh an fás foriomlán ar onnmhairí ag teacht leis an éileamh i gcomhpháirtithe trádála thar thréimhse na réamhaisnéise. Mar thoradh air sin, meastar go méadóidh onnmhairí de réir luais a bheidh beagán níos moille ná mar a tuaradh roimhe seo, cé go méadaítear na héiginnteachtaí atá ann de bharr na himní atá ag teacht chun cinn maidir leis an ionchas domhanda.

I bhfianaise na bhforbairtí agus na n-ionchas atá tagtha chun cinn ó foilsíodh an Feasachán Ráithiúil deireanach, tugtar le tuiscint go raibh aschur ní ba láidre ann i gcás fhás OTI anuraidh, agus go bhfuil ionchas comhchosúil ann don bhliain seo, tríd is tríd, i gcomparáid leis an réamhaisnéis roimhe seo. Agus neart an éilimh intíre ag tacú léi, meastar anois gur tháinig fás 6.6 faoin gcéad ar an OTI anuraidh. Léirítear ionchas fabhrach do chaiteachas tomhaltóirí agus infheistíochta sa mhéid go meastar go leanfaidh an t-éileamh intíre de bheith mar phríomhspreagadh an fháis

eacnamaíoch in 2016. Meastar go mbeidh fás 4.8 faoin gcéad ar OTI i mbliana, is é sin athbhreithniú beag aníos ar an meastachán roimhe seo, fad atá an réamhaisnéis d'fhás OTI, eadhon 4.3 faoin gcéad, beagán níos ísle. Ar bhonn na réamhaisnéisí fáis i gcomhpháirtithe trádála atá i gcomhréir leis na réamhaisnéisí sin ar a bhfuil na hionchais mhaicreacnamaíocha is déanaí ón BCE bunaithe agus ina léirítear maolú áirithe ar an bhfás ar éileamh intíre, meastar go dtiocfaidh méadú 4.4 faoin gcéad ar OTI agus méadú 3.9 faoin gcéad ar OTN in 2017.

Faoi láthair, meastar gur rioscaí cothromaithe iad na rioscaí a bhaineann leis na réamhaisnéisí do 2016, ach go bhfuil siad claonta i dtreo an taoibh thíos do 2017. Léiríonn sé sin ionchas ar an taobh thuas ó thosca intíre níos láidre agus ó iarmhairt mhoillithe gluaiseachtaí i rátaí malairte agus i bpraghsanna ola, ar ionchas é a fhritháirítear le rioscaí ar an taobh thíos don ionchas domhanda a d'fheadfadh iarmhairtí ionchasacha a bheith acu ar thrádáil dhomhanda.

Tugtar le tuiscint leis na réamhaisnéisí is déanaí, go bhfuil tréimhse fhíorláidir fáis i réim don gheilleagar faoi láthair agus is dócha nach mbeidh ach maolú measartha ar an bhfás sin i mbliana agus an bhliain seo chugainn. Cé gurb ionann, go páirteach, an tréimhse láidir fáis atá i réim faoi láthair agus aispheabadh ó thréimhse lag, léiríonn sí ar bhonn níos leithne go bhfuiltear ag gluaiseacht i dtreo lánacmhainn tháirgiúil agus ionchas an gheilleagair a bhaint amach. Ar bhonn na réamh-mheastachán reatha, tá acmhainn leordhóthanach bhreise ann i gcónaí chun go mbeidh an geilleagar ábalta fás thar thréimhse na réamhaisnéise gan a bheith ag dréim le mórchonstaicí. Níos tábhachtaí fós, leis an ionchas d'fhás láidir, tugtar deis chun dul i ngleic le hiarmhairtí na géarchéime agus chun aon rioscaí amach anseo don chobhsaíocht eacnamaíoch, fhioscach agus airgeadais a íoslaghdú. Ní mór an deis seo a thapú. Tá sé riachtanach go laghdófar na leochaileachtaí atá fós ar marthain agus go neartófar an stóinseacht eacnamaíoch chun go maolófar an baol go mbeidh timthriallta 'borradh agus cliseadh' ann amach anseo agus chun fás cobhsaí inmharthana thar an meántearma a áirithiú.